



**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 12 Nollaig 2024 (iarraidh ar réamhrialú ó
rechtbank Noord-Holland – an Ísiltír) – Golden Omega S.A. v Inspecteur van de Belastingdienst/
Douane kantoor Rotterdam Rijnmond**

(Cás C-388/23 ⁽¹⁾, Golden Omega)

**(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 – Comhtharaif chustaim –
Aicmiú taraife – Ainmníocht chomhcheangailte – Ceannteideal 1516 – Sailte agus olaí agus a gcodáin –
Ola éisc i bhfoirm eistir eitile – Eistearúchán aigéad sailleach le heatánól – Rialachán Cur Chun Feidhme
(AE) 2019/1661 – Bailíocht)**

(C/2025/694)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Noord-Holland

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Golden Omega S.A.

Cosantóir: Inspecteur van de Belastingdienst/Douane kantoor Rotterdam Rijnmond

An chuid oibríochtúil

1. Maidir le ceannteideal 1516 den Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1602 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018,
ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:
ní chumhdaítear leis ola éisc i bhfoirm eistear eitile, a fhaightear trí eistearúchán a dhéanamh ar aigéid shailleacha a eistearúchán le heatánól.
2. Leis an scrúdú ar na ceistanna a tarchuireadh, níor nochtadh aon eilimint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1661 ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2019 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte.

⁽¹⁾ IO C, C/2023/114.